BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

16 Eanáir 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Saoránacht an Aontais Eorpaigh – Airteagal 21(1) CFAE – An ceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát – Reachtaíocht chánach – Cánacha ar ioncam – Méid na hasbhainte pearsanta a ríomh do leanbh cleithiúnach a fuair tacaíocht soghluaisteachta chun críocha oideachais i gcomhthéacs chlár Erasmus + – Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 – Cánachas ar dheontais chun tacú le soghluaisteacht daoine aonair a chumhdaítear leis an Rialachán sin – Srian ar shaorghluaiseacht – Comhréireacht)

I gCás C-277/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Ustavni sud Republike Hrvatske (an Chúirt Bhunreachtúil, an Chróit), trí bhreith an 18 Aibreán 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 28 Aibreán 2023, sna himeachtaí

E. P.

v

Ministarstvo financija Republike Hrvatske, Samostalni sektor za drugostupanjski upravni postupak,

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Jarukaitis, Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, ag gníomhú dó mar Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra, D. Gratsias agus Z. Csehi (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Szpunar,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Rialtas na Cróite, ag G. Vidović Mesarek, i gcáil Gníomhaire,

* Teanga an cháis: an Chróitis.

– an Coimisiún Eorpach, ag B.-R. Killmann, M. Mataija, W. Roels agus H. van Vliet, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 4 Iúil 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagail 18, 20, 21 agus an dara fleasc d'Airteagal 165(2) CFAE agus ar Airteagal 67 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO 2004 L 166, lch. 1, agus ceartúchán IO 2004 L 200, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir E. P. agus Ministarstvo financija Republike Hrvatske, Samostalni sektor za drugostupanjski upravni postupak (Aireacht Airgeadais Phoblacht na Cróite, Oifig Neamhspleách um Nós Imeachta Riaracháin ar an Dara Céim) 'Oifig Neamhspleách um Nós Imeachta Riaracháin ar an Dara Céim') maidir leis na húdaráis chánach a chur san áireamh, chun críocha an liúntas is infheidhme maidir le cáin ioncaim E. P. a ríomh, an cúnamh soghluaisteachta chun críocha oideachais faoin gclár Erasmus+ as ar bhain a leanbh cleithiúnach tairbhe as.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Rialachán Uimh. 883/2004

3 Foráiltear le hAirteagal 1(z) de Rialachán Uimh. 883/2004:

'Chun críocha an Rialacháin seo:

[...]

(z) ciallaíonn "sochar teaghlaigh" gach sochar comhchineáil nó gach sochar in airgead tirim atá beartaithe chun speansais teaghlaigh a íoc, gan réamhíocaíocht íocaíochtaí cothabhála agus liúntais speisialta bhreithe agus uchtaithe a luaitear in Iarscríbhinn I a chur san áireamh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 3(1) den Rialachán sin:

'Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an reachtaíocht ar fad a bhaineann leis na brainsí slándála sóisialta seo a leanas:

[...]

(j) sochair teaghlaigh.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 67 den Rialachán sin, dar teideal ‘Baill den teaghlach a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile’:

‘Beidh duine i dteideal sochair theaghlaigh i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit inniúil, lena n-áirítear dá bhaill teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile, amhail is go raibh cónaí orthu sa chéad Bhallstát. Beidh pinsinéir i dteideal sochar teaghlaigh i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit atá inniúil i gcomhair a phinsin, áfach.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013

6 I Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear ‘Erasmus+’: clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE (IO 2013 L 347, lch. 50), a bhí i bhfeidhm tráth na bhfíoras sna príomhimeachtaí, bhí an méid seo a leanas mar aithris 40 de:

‘D’fhonn rochtain ar an gClár a fheabhsú, ba cheart na deontais chun tacú le soghluaisteacht an duine aonair a choigeartú ar chostais mhaireachtála agus chothaithe na tíre aíochta. I gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chomh maith chun na deontais sin a dhíolmhú ó aon chánacha agus tobhaigh shóisialta. Beidh feidhm ag an díolúine chéanna maidir le comhlachtaí poiblí nó príobháideach a dhámhann tacaíocht airgeadais den sórt sin do na daoine aonair lena mbaineann.’

7 Foráiltear le hAirteagal 6(1) den Rialachán sin, dar teideal ‘Gníomhaíochtaí an Chláir’:

‘I réimsí an oideachais agus na hoiliúna, saothrófar na cuspóirí seo a leanas leis an gClár trí bhíthin na gcineálacha gníomhaíochta seo a leanas:

(a) soghluaisteacht foghlama daoine aonair;

[…]’

8 Foráiltear le hAirteagal 18 den Rialachán sin, dar teideal ‘Buiséad’ i mír 7:

‘Déanfar na cistí do shoghluaisteacht foghlama daoine aonair dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 6(1) agus i bpointe (a) d’Airteagal 12 atá le bainistiú ag gníomhaireacht nó ag gníomhaireachtaí náisiúnta (“gníomhaireacht náisiúnta”) a leithdháileadh ar bhonn an daonra agus an chostais maireachtála sa Bhallstát, an fhaid idir príomhchathracha na mBallstát agus feidhmíochta. Is ionann paraiméadar na feidhmíochta agus 25 % d’iomlán na gcistí de réir na gcritéar dá dtagraítear i mír 8 agus i mír 9. Maidir le comhpháirtíochtaí straitéiseacha dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 8(1) agus i bpointe (a) d’Airteagal 14(1) a roghnóidh gníomhaireacht náisiúnta agus a ndéanfaidh an ghníomhaireacht sin bainistiú orthu, leithdháilfear na cistí ar bhonn critéar a shaineoidh an Coimisiún [Eorpaigh] i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36(3). Beidh na foirmlí sin, a mhéid is féidir, neodrach maidir le córais éagsúla oideachais

agus oiliúna na mBallstát, déanfar laghduithe móra ar an mbuiséad bliantúil a leithdháiltear ar na Ballstáit ó bhliain go chéile a sheachaint leo agus déanfar neamhchothromaíochtaí iomarcacha i leibhéal na ndeontas a leithdháiltear a íoslaghdú leo.'

An dlí náisiúnta

9 Foráiltear le hAirteagal 6 den Zakon o porezu na dohodak (an Dlí maidir le cáin ioncaim) an 3 Nollaig 2004 (NN 177/04), sa leagan a bhí infheidhme tráth na n-imeachtaí ('ZPD'), nach mór an bonn measúnachta le haghaidh cáin ioncaim a laghdú leis an asbhaint phearsanta.

10 Faoi Airteagal 10 (13), (18) agus (20) de ZPD, tá an méid seo a leanas díolmhaithe ó cháin ioncaim:

'(13) deontais atá ceaptha do mhic léinn le haghaidh oideachas lánaimseartha sna hinstitiúidí ardoideachais agus na hollscoileanna, chomh maith le dochtúireachtaí agus iardhochtúireachtaí, dá gcuirtear maoiniú ar fáil ina leith i mbuiséad an Stáit de Phoblacht na Cróite agus na scoláireachtaí a íoctar, is é sin dá leithdháiltear ó bhuiséad [an Aontais], dá rialaítear le coinbhinsiúin idirnáisiúnta sonracha agus atá ceaptha do mhic léinn i gcomhair oideachas lánaimseartha in institiúidí ardoideachais,

[...]

(18) deontais atá ceaptha do mhic léinn a roghnaíodh le linn comórtais phoiblí, atá oscailte do gach mac léinn ar théarmaí comhionanna, le haghaidh oideachas lánaimseartha sna hinstitiúidí ardoideachais, a íocann, is é sin a bhronnann fondúireachtaí, forais agus institiúidí eile atá cláraithe i bPoblacht na Cróite chun críocha foghlama nó taighde eolaíochta, dá rialaítear a ngníomhaíochtaí le forálacha speisialta agus arna mbunú chun críche deontais a bhronnadh,

[...]

(20) na méideanna a íoctar mar dheontais ó chistí agus cláir an Aontais trí bhíthin údaráis chreidiúnaithe i gcomhréir le Rialacháin an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na Cróite le haghaidh cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí soghluaisteachta faoi réir chláir agus chistí an Aontais chun críocha oideachais agus breisoideachais, i gcomhréir le Rialachán Airgeadais an Choimisiúin Eorpaigh, suas go dtí na méideanna atá forordaithe.'

11 Foráiltear le hAirteagal 36 de ZPD:

'(1) Maidir le áitritheoirí, déanfar méid iomlán an ioncaim a fhaightear de réir Airteagal 5 den dlí seo a laghdú trí asbhaint pearsanta de mhéid 2 200.00 kuna [na Cróite (HRK), (thart ar EUR 292)] do gach mí den tréimhse chánach a bhfuil an cháin socraithe ina leith. [...]

(2) Féadfaidh áitritheoirí na hasbhainte dá ndéantar tagairt uirthi i mír 1 den Airteagal seo a mhéadú ar bhonn na méideanna seo a leanas:

[...]

(2) i gcás leanaí cleithiúnacha: 0.5 den asbhaint bhunúsach phearsanta le haghaidh an chéad linbh, 0.7 le haghaidh an dara leanbh, 1.0 le haghaidh an tríú leanbh, 1.4 le haghaidh an cheathrú leanbh, 1.9 le haghaidh an chúigiú leanbh agus, le haghaidh gach linbh eile, méadaítear an fhachtóir asbhainte pearsanta bunúsaí ar mhodh de réir a chéile de 0.6, 0.7, 0.8, 0.9, 1.0... níos mó ná fachtóir na hasbhainte pearsanta bunúsaí den leanbh roimhe sin [...]

[...]

(4) Is daoine nádúrtha iad na garghaolta agus leanaí cleithiúnacha a bhfuil ioncam inchánach, an t-ioncam díolmhaithe agus na méideanna eile nach meastar, de réir bhrí an dlí seo, mar ioncam, nach mó ná méid a fhreagraíonn do chúig oiread na hasbhainte bunúsaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo faoi chúig, ar bhonn bliantúil.

(5) Trí bhíthin maolú ar mhír 4 den Airteagal seo, agus an ceart chun asbhainte pearsanta do gharghaolta cleithiúnacha agus do leanaí cleithiúnacha á gcinneadh, ní chuirtear san áireamh méideanna dá bhforáiltear faoi fhorálacha speisialta i leith cúnamh sóisialta, liúntais leanaí, cúnamh do leanaí nuabheirthe, eadhon suimeanna atá beartaithe le haghaidh trealaimh do leanbh nuabheirthe, agus pinsin teaghlaigh a íoctar tar éis bás tuismitheora. [...]'

12 Foráiltear le hAirteagal 54 de ZPD, do cháiníocóirí áirithe a bhfuil cónaí orthu i réigiúin fóirithinte agus i gcathair Vukovar (an Chróit), amhail an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, liúntas bunúsach pearsanta níos airde ná an liúntas dá dtagraítear in Airteagal 36(1) de ZPD, arbh ionann é, tráth na bhfíoras sna príomhimeachtaí, agus HRK 3 000, agus dá bhrí sin, faoi Airteagal 36(2)(2) de ZPD, méadú ar mhéid na hasbhainte do leanaí cleithiúnacha dá bhforáiltear san fhoráil sin.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

13 Tá an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, náisiúnach Crótach, faoi dhliteanas cáin ioncaim agus forlíonadh cánach ioncaim a íoc mar cháin speisialta de chuid údaráis áitiúil. Agus a háit chónaithe á cur san áireamh, baineann sí tairbhe as buntáistí cánach áirithe dá bhforáiltear le ZPD.

14 Is léir ón ordú tarchuir go bhfuair duine de leanaí cleithiúnacha an iarratasóra sna príomhimeachtaí, maidir leis an mbliain acadúil 2014/2015, tacaíocht do shoghluaisteacht oideachais faoin gclár Erasmus + ar feadh tréimhse staidéir in ollscoil san Fhionlainn agus, sular imigh sí chuig an mBallstát sin ag deireadh 2014, go bhfuair sí réamhíocaíocht EUR 1 840 maidir leis an gcúnamh sin.

15 Maidir leis na tréimhsí cánach roimh 2014, fuair an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, de bhun Airteagail 36(2)(2) agus 54(1)(2) de ZPD, méadú ar an asbhaint phearsanta do leanbh cleithiúnach.

16 Le fógra cánach an 27 Iúil 2015, chuir Porezna uprava Ministarstva financija Republike Hrvatske (Údarás Cánach Aireacht Airgeadais Phoblacht na Cróite) in iúl don iarratasóir sna príomhimeachtaí go raibh uirthi an cháin lena mbaineann a íoc ar an bhforas gur baineadh an méadú ar an asbhaint phearsanta i leith a linbh chleithiúnaigh don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2014, ós rud é go bhfuair sí, le linn na tréimhse sin, méideanna níos airde ná an tairseach dá dtagraítear in Airteagal 36(4) de ZPD, a sáraíodh mar thoradh ar thacaíocht soghluaisteachta a bheith faighte ag an leanbh sin faoin gclár Erasmus +.

17 Rinne an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí gearán i gcoinne an fhógra measúnaithe sin leis an Oifig Neamhspleách um Nós Imeachta Riaracháin ar an Dara Céim lenar mhaígh sí gur baineadh go héagórach léi i leith na bliana 2014, an méadú ar an asbhaint phearsanta dá leanbh cleithiúnach. Dar léi, níor mhór an tacaíocht soghluaisteachta a íoctar le mic léinn chun críocha oideachais faoin gclár Erasmus + a aicmiú mar 'chúnamh sóisialta' agus, dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 36(5) de ZPD, níor cheart í a chur san áireamh agus an teidlíocht ar an méadú ar an asbhaint phearsanta i leith leanaí cleithiúnacha á cinneadh.

18 Le cinneadh an 17 Iúil 2019, dhiúltaigh an Oifig Neamhspleách um Nós Imeachta Riaracháin ar an Dara Céim don ghearán sin toisc é a bheith gan bhunús.

19 Thug an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí caingean i gcoinne an chinnidh sin os comhair Upravni sud Osijek (Cúirt Riaracháin Osijek, an Chróit), caingean a dhiúltaigh an chúirt sin, le breithiúnas an 30 Eanáir 2020, toisc nach raibh bunús léi.

20 Thionscain an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair Visoki upravni sud (an Chúirt Achomhairc Riaracháin, an Chróit), a dhiúltaigh dó le breithiúnas an 20 Eanáir 2021.

21 Thaisc an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí achomharc bunreachtúil i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair Ustavni sud Republike Hrvatske (an Chúirt Bhunreachtúil, an Chróit), arb í an chúirt a rinne an tarchur. Áitíonn sí mar thacaíocht dá maíomh, *inter alia*, gur sáraíodh an oibleagáid dá leagtar síos in Airteagal 141(c) de Bhunreacht Phoblacht na Cróite chun na cearta suibiachtúla a fhaigheann sí ó dhlí an Aontais a chosaint. Go sonrach, áitíonn sí go ndearnadh idirdhealú uirthi, de shárú ar Airteagal 18 CFAE, agus gur fágadh í faoi mhíbhuntáiste faoi Airteagal 20(2)(a) agus Airteagal 21(1) CFAE, ar bhonn gur fheidhmigh a leanbh a cheart chun gluaiseacht agus cónaí i mBallstát eile chun críocha oideachais.

22 Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil dlí an Aontais infheidhme maidir le cás an iarratasóra sna príomhimeachtaí agus, go sonrach, an bhfuil an reachtaíocht chánach náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí ag luí le hAirteagail 18, 20, 21 agus Airteagal 165(2) CFAE agus le hAirteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004.

23 Tugtar faoi deara freisin gur léir ó thuarascáil Ombudsman Phoblacht na Cróite do 2017 go bhfuair an tOmbudsman faisnéis ó ollscoileanna na Cróite ar dá réir a roghnaigh mic léinn ar spéis leo leas a bhaint as na bearta dá bhforáiltear sa chlár Erasmus + gan leas a bhaint as na bearta sin tar éis dóibh a fhoghlaim, de réir an léirithe a ghlac Aireacht Airgeadais Phoblacht na Cróite, go mbeadh sé d'éifeacht ag tacaíocht a fháil do shoghluaisteacht oideachais faoin gclár Erasmus + an teidlíocht ar mhéadú ar an asbhaint phearsanta do leanaí cleithiúnacha a bhaint dá dtuismitheoirí, rud a d'fhágfadh laghdú ar líon na n-iarratas ó mhic léinn ar spéis leo na bearta sin.

24 Sna himthosca sin, chinn Ustavni sud Republike Hrvatske (an Chúirt Bhunreachtúil, an Chróit) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

'(1) Maidir leis na forálacha d'Airteagail 18, 20, 21 agus den dara fhleasc d'Airteagal 165(2) de CFAE, an bhfuil léiriú le déanamh amhail go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht Bhallstáit ar dá réir a chuirtear tuismitheoir óna cheart chun cur leis an méid bunúsach a bhaintear in aghaidh na bliana as a bhonn cánach ioncaim le haghaidh leanbh cleithiúnach i gcás inar íocadh leis an leanbh sin cúnamh soghluaisteachta mac léinn ar mó é ná an tairseach socraithe

forordaithe, mar mhac léinn cleithiúnach a d'fheidhmigh a shaoirse ghluaiseachta agus chónaithe chun críocha oideachais i mBallstát eile, rud a fhágann gur bhain sé úsáid, de bhun gníomhartha cur chun feidhme náisiúnta, as bearta dá bhforáiltear le hAirteagal 6(1)(a) de Rialachán Uimh. 1288/2013 chun críocha fheidhmiú na gluaiseachta mac léinn ó Bhallstát ina bhfuil costais airmheánacha maireachtála níos ísle nó meánach go Ballstát ina bhfuil costais airmheánacha maireachtála níos airde, mar a shainmhínítear le critéir an Choimisiúin Eorpaigh de réir bhrí Airteagal 18(7) den Rialachán sin?

(2) Maidir le hAirteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004, an bhfuil léiriú le déanamh amhail go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht Bhallstáit ar dá réir a chuirtear tuismitheoir óna cheart chun cur leis an méid bunúsach a bhaintear in aghaidh na bliana as a bhonn cánach ioncaim le haghaidh mac léinn cleithiúnach, dar tugadh an cúnamh saorghluaiseachta mac léinn le linn tréimhse staidéir i mBallstát eile dá bhforáiltear in Airteagal 6(1)(a) de Rialachán Uimh. 1288/2013?'

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Inghlacthacht

25 De réir Rialtas na Cróite, níl na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú inghlactha. Áitíonn an Rialtas, i ndáil leis sin, cé gur fíor go gcumhdaítear mic léinn faoi dhlí an Aontais agus a gceart chun saorghluaiseachta á fheidhmiú acu chun críche staidéir i mBallstát seachas a mBallstát tionscnaimh i gcomhthéacs rannpháirtíocht i gclár Erasmus+, ní féidir a thuiscint as sin go bhfuil feidhm ag an gceart sin freisin maidir lena mbaill teaghlaigh, lena n-áirítear a dtuismitheoirí. Rialaítear leis an dlí náisiúnta staid chánach an iarratasóra sna príomhimeachtaí agus, go háirithe, ríomh a chánach ioncaim agus cinneadh a teidlíochta ar an asbhaint phearsanta agus ní thagann siad faoi raon feidhme dhlí an Aontais ar an mbealach a éilíonn sí. Is amhlaidh is mó atá ós rud é gur cás inmheánach amháin é cás an iarratasóra sna príomhimeachtaí i bhfianaise a náisiúntachta, go n-oibríonn sí sa Chróit, go bhfaigheann sí ioncam ansin agus nár fheidhmigh sí go pearsanta an tsaoirse gluaiseachta ná nach bhfuair sí tacaíocht do shoghluaisteacht oideachais faoin gclár Erasmus +.

26 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur faoin gcúirt náisiúnta amháin ar tugadh an díospóid os a comhair, agus nach mór di freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach atá le déanamh, atá sé measúnú a dhéanamh, i bhfianaise imthosca sonracha na díospóide sin, ar an ngá le réamhrialú ar mhaithe le breithiúnas a thabhairt agus ar ábharthacht na gceisteanna a chuireann sí faoi bhráid na Cúirte araon a chinneadh. Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ag na ceisteanna a tharchuireann na cúirteanna náisiúnta agus ní fhéadfaidh an Chúirt diúltú rialú a thabhairt ar na ceisteanna sin ach amháin i gcás inar léir nach bhfuil aon bhaint ag an léiriú a iarrtar le fíorais iarbhír na bpríomhimeachtaí ná lena gcuspóir, i gcás inar fadhb hipitéiseach í, nó mura bhfuil an fhaisnéis fhíorasach nó dhlíthiúil is gá ag an gCúirt chun freagra fónta a thabhairt ar na ceisteanna sin. (féach, go háirithe, breithiúnais an 21 Nollaig 2023, *Royal Antwerp Football Club*, C-680/21, EU:C:2023:1010, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

27 Sa chás seo, leagann an chúirt a rinne an tarchur amach go beacht na cúiseanna a bhí mar bhunús a tuairime go bhfuil léiriú ar dhlí an Aontais de dhíth d'fhonn cinneadh a dhéanamh agus go bhféadfadh tionchar a bheith ag na ceisteanna arna dtarchur le haghaidh réamhrialú ar thoradh na bpríomhimeachtaí. Measann sí, i bhfianaise ábhar na caingne os a comhair agus in éagmais chásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir le cineál idirdhealaitheach nó díréireach na mbeart cánach náisiúnta

a bhaineann le soghluaisteacht mac léinn faoin gclár Erasmus+, go gceanglaítear uirthi, *inter alia*, a chinneadh an bhfuil na bearta aonair is ábhar don chaingean a tugadh os a comhair contrártha d'Airteagail 18, 20, 21 agus Airteagal 165(2) CFAE.

28 Ina theannta sin, ní féidir a mheas go bhfuil rannpháirtíocht i gclár a rialaítear le dlí an Aontais, amhail clár Erasmus +, ar an gcóras cánach is infheidhme maidir leis an tuismitheoir cáiníocóra atá i gceannas ar an leanbh a ghlac páirt sa chlár sin 'go hiomlán inmheánach' agus, má tá, a mhéid atá tionchar ag an rannpháirtíocht sin ar an gcóras cánach is infheidhme maidir leis an tuismitheoir cáiníocóra atá i gceannas ar an leanbh sin, cibé acu atá nó nach bhfuil an cás sin, ina theannta sin, faoi rialú dhlí an Aontais. Ní bhaineann an measúnú ar raon feidhme agus ar mhódúlachtaí an tionchair fhéideartha sin le hinghlacthacht na gceisteanna a tharchuirtear ach le substaint an cháis.

29 Dá bhrí sin, tá na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú inghlactha.

Substaint

30 Sna ceisteanna a tharchuir sí chun réamhrialú, tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur do roinnt forálacha de dhlí an Aontais agus féachann sí lena fháil amach an gcuireann siad cosc ar reachtaíocht náisiúnta amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí.

31 Maidir le hAirteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004, ba cheart a thabhairt faoi deara ag an tús go mbeartaítear leis an Airteagal sin reachtaíocht an Bhallstáit lena rialaítear an ceart chun sochar teaghlaigh a chinneadh. Mar a d'áitigh Rialtas na Cróite agus an Coimisiún, ós rud é nach sochar in airgead tirim é an asbhaint cánach atá i gceist sna príomhimeachtaí atá beartaithe chun costais teaghlaigh a íoc, ach buntáiste cánach a laghdaíonn, faoi choinníollacha áirithe, méid na cánach ioncaim, ní sochar teaghlaigh í an asbhaint sin de réir bhrí Airteagal 1(z) de Rialachán Uimh. 883/2004. Dá bhrí sin, níl feidhm ag Airteagal 67 den Rialachán sin i gcomhthéacs na díospóide sna príomhimeachtaí.

32 Maidir le hAirteagal 18 CFAE agus, go sonrach, an toirmeasc ar idirdhealú ar fhorais náisiúntachta dá dtagraítear ann, is léir ón ordú tarchuir go measann an chúirt a rinne an tarchur, ag féachaint, go háirithe, do chuspóirí Rialachán Uimh. 1288/2013, nach bhfuil cás an iarratasóra sna príomhimeachtaí inchomparáide, go ginearálta, le cás daoine atá faoi dhliteanas cánach ioncaim nár fheidhmigh a leanaí a gceart chun saorghluaiseachta ná, go háirithe, le cás cáiníocóirí den sórt sin a bhfuair a leanaí cúnamh le haghaidh soghluaisteacht oideachais faoin gclár Erasmus + le haghaidh tréimhse staidéir ollscoile i mBallstáit a bhfuil costais mhaireachtála chomhchosúla nó níos ísle acu. Ar an taobh eile, ós rud é go ndeachaigh leanbh an iarratasóra sna príomhimeachtaí chun críocha a staidéir ollscoile chuig Ballstát a bhfuil costais mhaireachtála níos airde aige ná an Chróit, fiafraíonn an chúirt sin an gcaithfear neamhchur i bhfeidhm na heisceachta dá bhforáiltear in Airteagal 36(5) de ZPD maidir leis an iarratasóir sna príomhimeachtaí a mheas mar shrian gan údar ar shaorghluaiseacht mac léinn faoi Airteagail 20 agus 21 CFAE.

33 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, trína ceisteanna, nach mór a mheas le chéile, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagail 20 agus 21 CFAE, arna léamh i bhfianaise an dara fleasc d'Airteagal 165(2) CFAE, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht Bhallstáit lena gcuirtear san áireamh, chun méid na hasbhainte pearsanta a bhfuil tuismitheoir cáiníocóra ina theideal i leith a linbh chleithiúnaigh a chinneadh, an chabhair le

haghaidh soghluaisteacht oideachais as ar bhain an leanbh sin faoin gclár Erasmus +, agus mar thoradh air sin, de réir mar a bheidh, go gcaillfidh an tuismitheoir sin an teidlíocht chun an liúntas sin a mhéadú chun cáin ioncaim a ríomh.

34 Mar réamhphointe, ní mór a mheabhrú, cé go dtagann cánachas díreach, de réir cásdlí socair, faoi inniúlacht na mBallstát agus cé nach gcuireann an dlí sin cosc, i bprionsabal, ar na Ballstáit cáin a ghearradh ar ioncam arna mhaoiniú ag cistí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnais an 14 Feabhra 1995, *Schumacker*, C-279/93, EU:C:1995:31, mír 21; an 7 Meán Fómhair 2023, *Finanzamt G (Tionscadail don chabhair forbartha)*, C-15/22, EU:C:2023:636, mír 64, agus an 23 Samhain 2023, *Ministarstvo financija*, C-682/22, EU:C:2023:920, mír 33), ní mór cánachas den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe forálacha CFAE maidir le ceart gach saoránaigh den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát (féach, de réir analaí, breithiúnas an 12 Iúil 2005, *Schempp*, C-403/03, EU:C:2005:446, mír 19).

35 Tá feidhm ag an méid sin freisin i gcás, mar atá sa chás seo, nach ceist í, go docht, maidir le cánachas ar ioncam arna mhaoiniú ag cistí an Aontais, ach maidir leis an ioncam sin a chur san áireamh agus cáin ioncaim cáiníocóra atá freagrach as leanbh a fuair ioncam den sórt sin á ríomh.

36 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, tugtar le hAirteagal 20 CFAE go mbronntar stádas saoránach den Aontas d'aon duine a bhfuil náisiúntacht Ballstáit aige, stádas a bheartaítear a bheith mar stádas bunúsach do náisiúnaigh de chuid na mBallstát (breithiúnais an 20 Meán Fómhair 2001, *Grzelczyk*, C-184/99, EU:C:2001:458, mír 31, agus an 5 Meán Fómhair 2023, *Udlændinge- og Integrationsministeriet (Caillteanas náisiúntachta na Danmhairge)*, C-689/21, EU:C:2023:626, mír 29).

37 Mar is léir ó chásdlí na Cúirte, féadfaidh náisiúnach de Bhallstát a d'fheidhmigh, ina cháil mar shaoránach den Aontas, a shaoirse chun gluaiseacht agus cónaí i mBallstát seachas a Bhallstát tionscnaimh, brath ar na cearta a bhaineann le saoránacht an Aontais, go háirithe na cearta dá bhforáiltear in Airteagal 21(1) CFAE, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, i gcoinne a Bhallstáit tionscnaimh (breithiúnas an 22 Feabhra 2024, *Direcția pentru Evidența Persoanelor și Administrarea Bazelor de Date*, C-491/21, EU:C:2024:143, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara gurb ionann reachtaíocht náisiúnta a chuireann faoi mhíbhuntáiste náisiúnaigh áirithe toisc gur fheidhmigh siad a saoirse chun gluaiseacht agus cónaí i mBallstát eile agus dá bharr sin amháin, agus srian a chur ar na saoirsí a aithnítear le hAirteagal 21(1) CFAE do gach saoránach den Aontas (breithiúnais an 18 Iúil 2006, *De Cuyper*, C-406/04, EU:C:2006:491, mír 39, agus an 25 Iúil 2018, *A (Cúnamh do dhuine faoi mhíchumas)*, C-679/16, EU:C:2018:601, mír 60).

39 Ní féidir leis na deiseanna a chuirtear ar fáil le CFAE maidir le saorghluaiseacht na saoránach den Aontas a n-éifeachtaí iomlán a chur i gcrích más rud é go bhféadfaí cur ina luí ar dhuine gan an ceart sin a fheidhmiú, mar gheall ar chonstaicí atá ann de bharr a chónaí i mBallstát eile, mar gheall ar Rialachán óna Bhallstát tionscnaimh lena ngearrtar pionós air toisc gur fheidhmigh sé na deiseanna sin amháin (féach, chuige sin, breithiúnais an 29 Aibreán 2004, *Pusa*, C-224/02, EU:C:2004:273, mír 19, agus an 25 Iúil 2018, *A (Cúnamh do dhuine faoi mhíchumas)*, C-679/16, EU:C:2018:601, mír 61].

40 Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gceist sin i réimse an oideachais, agus na cuspóirí a shaothraítear le hAirteagal 6(e) CFAE agus an dara fleasc d'Airteagal 165(2) CFAE á gcur san áireamh, is é sin, *inter alia*, soghluaisteacht mac léinn agus múinteoirí a spreagadh (breithiúnais an 11 Iúil 2002, *D'Hoop*, C-224/98, EU:C:2002:432, mír 32, agus an 24 Deireadh Fómhair 2013, *Thiele Meneses*, C-220/12, EU:C:2013:683, mír 24).

41 Ina theannta sin, tá an clár Erasmus +, amhail cláir ghníomhaíochta eile de chuid an Aontais i réimse an oideachais, bunaithe ar Airteagail 165 agus 166 CFAE agus tá sé beartaithe, *inter alia*, soghluaisteacht mac léinn laistigh den Aontas Eorpach a chur chun cinn agus a chur ar chumas mac léinn a gcuid staidéir a thosú nó a shaothrú i mBallstáit éagsúla, gan beann ar a n-áit tionscnaimh, agus ar an gcaoi sin gné Eorpach an oideachais agus na hoiliúna a neartú. D'fhéadfadh sé go gcuirfí bac ar chur chun feidhme an chuspóra sin, ag féachaint do na hacmhainní eacnamaíocha atá ar fáil do mhic léinn agus dá dtuismitheoirí, leis na costais bhreise a eascraíonn as an tsoghluaisteacht sin. Léiríonn an tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil trí dheontais atá beartaithe, *inter alia*, chun tacú le soghluaisteacht thairbhithe an chláir sin mian an Aontais Eorpaigh cuidiú leis na bacainní sin a shárú ar bhealach nithiúil agus éifeachtach.

42 Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, in aithris 40 de Rialachán Uimh. 1288/2013, gur iarr reachtas an Aontais ar na Ballstáit, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, deontais lena mbeartaítear tacú le soghluaisteacht daoine nádúrtha a chumhdaítear leis an Rialachán sin a dhíolmhú ó aon chánacha agus tobhaigh shóisialta, gan, áfach, aon oibleagáid shonrach a fhorchur ar na Ballstáit maidir le, *inter alia*, cáin ioncaim tuismitheoirí ar cáiníocóirí iad a ríomh, ós rud é go dtagann cánachas díreach, i bprionsabal, faoi inniúlacht na mBallstát, mar a thugtar faoi deara i mír 34 den bhreithiúnas seo.

43 Is fíor nach dtugann dlí an Aontais aon ráthaíocht do shaoránach den Aontas go mbeidh feidhmiú a shaoirse gluaiseachta neodrach maidir le cánachas. I bhfianaise na ndifríochtaí idir dlíthe na mBallstát san ábhar seo á gcur san áireamh, gur féidir le feidhmiú cirt amhail sin a bheith níos buntáistí nó fiú míbhuntáisteach, ag brath ar an gcás. Ar an taobh eile, tá an prionsabal céanna infheidhme *a fortiori* ar shuíomh ina mbaineann an duine lena mbaineann úsáid as a gceart chun saorghluaiseachta, ach maíonn siad a bheith ina n-íospartach de chóireáil mhíbhuntáisteach toisc gur fheidhmigh ball teaghlaigh a gceart chun saorghluaiseachta (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Iúil 2005, *Schempp*, C-403/03, EU:C:2005:446, míreanna 45 agus 46).

44 Mar sin féin, má tá Ballstát rannpháirteach sa chlár Erasmus +, ní mór dó a áirithiú nach gcruthaíonn na socruithe maidir le leithdháileadh agus cánachas deontas chun tacú le soghluaisteacht thairbhithe an chláir sin srian gan údar ar an gceart chun gluaiseacht agus cónaí ar chríoch na mBallstát (féach, de réir analaí, breithiúnais an 23 Deireadh Fómhair 2007, *Morgan agus Bucher*, C-11/06 agus C-12/06, EU:C:2007:626, mír 28, agus an 26 Feabhra 2015, *Martens*, C-359/13, EU:C:2015:118, mír 24).

45 Sa chás seo, tá comhthuiscint ann, ar an gcéad dul síos, nach raibh an cúnamh do shoghluaisteacht oideachais faoin gclár Erasmus + faoi réir cánachais sa Chróit tráth na bhfíoras sna príomhimeachtaí, ach gur cuireadh san áireamh é chun críocha cáin ioncaim an iarratasóra sna príomhimeachtaí a ríomh. Ar an dara dul síos, cuireadh an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí faoi mhíbhuntáiste a mhéid a cuireadh na forálacha náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí i bhfeidhm uirthi.

46 Dá bhrí sin, d'fhéadfadh forálacha den sórt sin náisiúnaigh den Aontas a dhíspreagadh óna saoirse a fheidhmiú chun gluaiseacht agus cónaí i mBallstát seachas a mBallstát tionscnaimh, i bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag feidhmiú na saoirse sin ar ríomh cháin ioncaim na dtuismitheoirí ar cáiníocóirí iad, agus d'fhéadfadh siad an bonn a bhaint de shoghluaisteacht mac léinn laistigh den Aontas Eorpach i gcomhthéacs an chláir Erasmus +.

47 Dá réir sin, dá gcuirfí san áireamh an cúnamh soghluaisteachta ónar thairbhigh leanbh cleithiúnach faoin gclár Erasmus+ chun méid na hasbhainte a bhfuil tuismitheoir-cháiníocóir ina theideal i leith an linbh sin a chinneadh, agus an teidlíocht ar mhéadú ar an asbhaint sin chun críocha cáin ioncaim a ríomh dá bharr sin, d'fhéadfadh sé a bheith ina shrian ar an gceart chun saorghluaiseachta agus cónaithe atá ag saoránaigh an Aontais faoi Airteagal 21 CFAE.

48 Ní féidir amhras a chaitheamh ar shrian den sórt sin a bheith ann toisc, ar an gcéad dul síos, nárbh é an leanbh cleithiúnach a d'fheidhmigh a shaoirse gluaiseachta féin an cáiníocóir a baineadh, i gcomhthéacs ríomh na cánach ioncaim, a theidlíocht nó a teidlíocht ar an méadú ar an asbhaint phearsanta do leanaí cleithiúnacha agus, ar an dara dul síos, nár fheidhmigh an tuismitheoir inchánach atá faoi mhíbhuntáiste dá bhrí sin a shaoirse gluaiseachta.

49 Is ionann iarmhairtí cánach neamhfhabhracha do thuismitheoir inchánach ag a bhfuil leanbh cleithiúnach a d'fheidhmigh a shaoirse gluaiseachta agus srian ar shaorghluaiseacht de réir bhrí Airteagal 21 CFAE, i gcás ina n-eascraíonn siad as feidhmiú na saoirse sin ag an leanbh sin. Dá bhrí sin, ní bhaineann sé le hábhar gur tharla na hiarmhairtí díobhálacha sin don leanbh a d'fheidhmigh a shaorghluaiseacht, ach don tuismitheoir sin, cibé acu a d'fheidhmigh nó nár fheidhmigh an tuismitheoir sin an tsaoirse sin, chun a shuí gurb ann do shrian ar shaorghluaiseacht faoi Airteagal 21 CFAE.

50 Sna himthosca sin, ní hamháin gur féidir leis an saoránach den Aontas a d'fheidhmigh a shaoirse gluaiseachta éifeachtaí an tsriain sin a agairt, ach is féidir leis an saoránach den Aontas a bhfuil an chéad saoránach sin mar chleithiúnaí acu, amhail an t iarratasóir sna príomhimeachtaí, agus atá faoi mhíbhuntáiste díreach mar gheall ar éifeachtaí an tsriain sin, brath ar éifeachtaí an tsriain sin freisin.

51 Sna himthosca sin, ní hamháin gur féidir le saoránach den Aontas a d'fheidhmigh a shaoirse gluaiseachta éifeachtaí an tsriain sin a agairt, ach is féidir leis an saoránach den Aontas atá i gceannas ar an gcéad saoránach sin, amhail an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, agus atá faoi mhíbhuntáiste díreach mar gheall ar éifeachtaí an tsriain sin, brath ar éifeachtaí an tsriain sin freisin (féach, chuige sin, breithiúnais an 12 Iúil 2005, *Schempp*, C-403/03, EU:C:2005:446, mír 25 agus an 13 Meán Fómhair 2016, *Rendón Marín*, C-165/14, EU:C:2016:675, míreanna 42 agus 43).

52 I ndeireadh na dála, ag féachaint do na naisc eacnamaíocha idir an leanbh agus a thuismitheoir, naisc a eascraíonn as an gcás seo ní hamháin go mbraitheann an leanbh ar a thuismitheoir chun a chostais mhaireachtála agus ghairmoiliúna a íoc ach freisin ó rogha an reachtais náisiúnta chun ioncam an linbh chleithiúnaigh a chur san áireamh i gcomhthéacs staid chánach an tuismitheora cáiníocóra a chinneadh, ní mór a mheas go bhféadfaidh an leanbh cleithiúnach agus an tuismitheoir cáiníocóra araon, in imthosca amhail imthosca an cháis sna príomhimeachtaí, brath ar Airteagal 21 CFAE agus ar na forálacha arna nglacadh chun é a chur i bhfeidhm.

53 Ar an tríú dul síos, ba cheart a mheabhrú nach féidir údar a thabhairt le srian ar fheidhmiú na saorghluaiseachta agus cónaí i bhfianaise dhlí an Aontais ach i gcás ina bhfuil sé bunaithe ar cheisteanna oibiachtúla de leas ginearálta atá neamhspleách ó náisiúntacht na ndaoine lena

mbaineann agus i gcás ina bhfuil sé comhréireach leis an gcuspóir a shaothraítear leis an dlí náisiúnta (breithiúnas an 22 Feabhra 2024, *Direcția pentru Evidența Persoanelor și Administrarea Bazelor de Date*, C-491/21, EU:C:2024:143, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

54 Ar an gcéad dul síos, maidir le breithnithe oibiachtúla a bhaineann le leas an phobail a d'fhéadfadh bonn cirt a thabhairt don reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, is léir ón iarraidh ar réamhrialú go saothraítear leis na forálacha atá i gceist sna príomhimeachtaí, i gcomhréir le prionsabail an chomhionannais agus chóir an chórais airgeadais agus eagraithe mhaith d'acmhainní poiblí atá teoranta, gur aidhm dlisteanach é lena saothraítear le ceartú, i bhfianaise na meánchánacha agus na meánchostas, an neamhionannas sóisialta agus nithiúil idir na cáiníocóirí a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu agus dóibh nach n-íocann costais a bhaineann le cothabháil leanaí.

55 Dá bhrí sin, de réir na cúirte a rinne an tarchur, ní thugann na forálacha sin teidlíocht chun méadú a fháil ar an mbunliúntas pearsanta do cháiníocóirí a bhfaigheann a leanaí cleithiúnacha, le linn bliain fhioscach, as ioncam neamhincháinithe de mhéid áirithe, de réir bhrí mheasúnú na reachtaíochta lena gcuirtear an leanbh ar a chumas chun cúnamh a thabhairt dá chothabháil óna thuarastal féin agus chun na costais a laghdú dá dtuilleann a thuismitheoirí mar chuid dá n-oibleagáid chun cothabháil a chur ar fáil, i gcodarsnacht le cáiníocóirí a bhfuil leanaí acu nach mbaineann tairbhe as tuarastal neamhincháinithe –- nó méid fíorbheag amháin – agus ar an gcaoi sin nach bhféadtar a gcothabháil a bheith curtha ar fáil ach trí bhíthin thuarastal a thuismitheoirí.

56 Dealraíonn sé, dá bhrí sin, go bhfuil sé i gceist leis na forálacha náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí fíorinniúlacht thuismitheoirí na gcáiníocóirí cáin ioncaim a íoc a chur san áireamh, chun rómheastachán na hinniúlachta sin a sheachaint, nach mór a mheas mar chuspóir ar mhaithe le leas an phobail (féach, de réir analaí, breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Finanzamt V (Oidhreacht – Liúntas páirteach agus baint codanna coimeádta)*, C-394/20, EU:C:2021:1044, mír 52).

57 Ar an dara dul síos, maidir le prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh, ní féidir údar a thabhairt le reachtaíocht den nádúr is go gcuirtear srian ar shaoirse bhunúsach a ráthaítear leis an gConradh, amhail an ceart chun saorghluaiseachta agus cónaí de shaoránaigh an Aontais, agus nach bhféadtar údar maith a thabhairt dó ach amháin i gcás ina bhfuil sé cuí chun baint amach an chuspóra dhlisteanaigh a urramú agus i gcás nach dtéann sé thar éard atá riachtanach chun é sin a bhaint amach (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Eanáir 2024, *JD (Coinníoll a bhaineann le cónaí)*, C-562/22, EU:C:2024:55, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 Ní mór a chur in iúl freisin, i ndáil leis sin, nach bhfuil an reachtaíocht náisiúnta iomchuí chun a áirithiú go mbainfear amach an cuspóir ar a bhfuiltear ag brath ach amháin má léiríonn sí i ndáiríre ábhar imní chun é a bhaint amach ar bhealach comhsheasmhach córasach (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Eanáir 2024, *JD (Coinníoll a bhaineann le cónaí)*, C-562/22, EU:C:2024:55, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

59 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhréir le haithris 40 de Rialachán Uimh. 1288/2013, gur cheart na deontais chun tacú le soghluaisteacht an duine aonair a chumhdaítear leis an Rialachán sin a choigeartú ar chostais mhaireachtála agus chothaithe na tíre aíochta. Ar an gcaoi chéanna, foráladh le hAirteagal 18(7) den Rialachán sin go ndéanfar na cistí do shoghluaisteacht foghlama daoine aonair dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(a) agus in

Airteagal 12(a) den Rialachán sin, atá le bainistiú ag gníomhaireacht náisiúnta nó ag gníomhaireachtaí náisiúnta a leithdháileadh ar bhonn an daonra agus an chostais maireachtála sa Bhallstát, an fhaid idir príomhchathracha na mBallstát agus feidhmíochta.

60 Dá bhrí sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i míreanna 49 go 52 agus 77 dá Thuairim, ní mór a mheas, ós rud é gurb é cuspóir chlár Erasmus + soghluaisteacht mac léinn a chur chun cinn chun críocha an oideachais, go háirithe i gcomhthéacs an oideachais ollscoile, agus leibhéal na méideanna cúnaimh do shoghluaisteacht oideachais faoin gclár sin agus an costas maireachtála iarbhír sa Bhallstát óstach á gcur san áireamh, go bhfuil an cúnamh sin ceaptha rannchuidiú leis na costais bhreise nach dtiocfadh chun cinn in éagmais na soghluaisteachta sin a chumhdach.

61 Dá bhrí sin, ní thiocfaidh laghdú ar chaiteachas tuismitheoirí cáiníocóirí mar thoradh ar chúnamh den sórt sin a fháil i gcomhthéacs a n-oibleagáide leanaí cleithiúnacha a chothabháil, ná ní mhéadaíonn sé cumas na dtuismitheoirí sin cáin a íoc.

62 Dá bhrí sin, leis an gcóireáil cánach a dhéantar ar chúnamh le haghaidh soghluaisteachta chun críocha oideachais faoin gclár Erasmus+ atá i gceist sna príomhimeachtaí, ní féidir a chur san áireamh, ar bhealach comhsheasmhach córasach, an fíorchumas atá ag tuismitheoirí a íocann cáin ar a bhfuil leanbh cleithiúnach atá rannpháirteach sa chlár sin cáin ioncaim a íoc. Ós rud é go bhféadfadh ualaí cánach níos troime a bheith ar na tuismitheoirí sin a íocann cáin mar thoradh ar an gcóireáil sin, gan na hacmhainní atá ar fáil dóibh a mhéadú chun déileáil léi, d'fhéadfadh a mhalairt d'éifeacht a bheith ag an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí fiú.

63 I bhfianaise a bhfuil thuas, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear ná nach mór Airteagail 20 agus 21 CFAE, arna léamh i bhfianaise an dara fleasc d'Airteagal 165(2) CFAE, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht Bhallstáit lena gcuirtear san áireamh, chun méid na hasbhainte pearsanta a bhfuil tuismitheoir cáiníocóra ina theideal i leith a linbh chleithiúnaigh a chinneadh, an tacaíocht do shoghluaisteacht oideachais as ar thairbhigh an leanbh sin faoin gclár Erasmus +, agus mar thoradh air sin, de réir mar a bheidh, go gcaillfidh an tuismitheoir sin an teidlíocht chun an asbhaint sin a mhéadú chun críocha cáin ioncaim a ríomh.

Costais

64 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Cúigiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagail 20 agus 21 CFAE, arna léamh i bhfianaise an dara fleasc d'Airteagal 165(2) CFAE,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leo ar reachtaíocht Bhallstáit lena gcuirtear san áireamh, chun méid na hasbhainte pearsanta a bhfuil tuismitheoir cáiníocóra ina theideal i leith a linbh

chleithiúnaigh a chinneadh, an tacaíocht do shoghluaisteacht oideachais as ar thairbhigh an leanbh sin faoin gclár Erasmus +, agus mar thoradh air sin, de réir mar a bheidh, go gcaillfidh an tuismitheoir sin an teidlíocht chun an asbhaint sin a mhéadú chun críocha cáin ioncaim a ríomh.

[Sínithe]